

**-An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Agus
Clárlann na gCara-Chumann**

**Scéim
Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
2009-2012**

Réamhrá

Cúlra

D'ullmhaigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann an Scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Déanann Alt 11 foráil d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí, ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla,

chomh maith leis na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go socrófar aon tseirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chur ar fáil laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Treoirlíne maidir le hUllmhú na Scéime

Sholáthair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta treoirlínte maidir le hullmhú na Scéime faoi Alt 12 den Acht.

Ullmhú na Scéime Teanga

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'fhoilsigh na hOifigí fógra faoi Alt 13 den Acht an 22 Iúil 2008, ag tabhairt cuiridh do pháirtithe leasmhara ar bith chun uirill a dhéanamh maidir le hullmhú na dréachtscéime. Fuarthas trí aighneacht tar éis an fógra sin a chur amach. Glacadh na haighneachtaí san áireamh agus an Scéim seo á cur le chéile.

Chuathas i gcomhairle le baill foirne an CRO agus an RFS chomh maith, agus glacadh a dtuairimí agus a moltaí san áireamh freisin agus an Scéim á cur le chéile.

Tugann an dá Oifig aitheantas don am a chaith gach duine a chur leis an bpróiseas seo agus don iarracht a rinne siad.

Ábhar na Scéime Teanga

Déanann an Scéim seo a thuilleadh forbartha ar phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, agus ar an tiomantas a léirítear i gCairteacha Custaiméirí na nOifigí chun a chinntiú gur féidir leis na custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge é sin a dhéanamh. Leagann sé amach méid na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair as Gaeilge, agus aithnítear na réimsí um fheabhsú na seirbhíse a chuireann an Oifig seo ar fáil amach anseo i gcorpas na Scéime. Áirítear tiomantas ann chomh maith do mheasúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chun a chinntiú go leanann an Oifig seo ar aghaidh ag déanamh freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhtháite agus inrochtana. Leanfaidh na hOifigí ar aghaidh chomh maith ag tomhas leibhéal na bhfiosrúchan/iarratas ar sheirbhísí as Gaeilge ar bhonn bliantúil.

Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús léi le héifeacht ón 26 Bealtaine 2009 agus fanfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé dáta is déanaí.

Forléargas ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus Clárlann na gCara-Chumann (RFS)

Misean agus Sainordú na nOifigí

1. CRO

Is comhlacht reachtúil é an CRO a thagann faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil freagracht air as clárú cuideachtaí agus ainmneacha gnólachtaí agus faisnéis chuideachta reachtúil a sholáthar don phobal. Maidir leis an dara cuspóir, is é an CRO stór lárnach na faisnéise reachtúla poiblí faoi chuideachtaí na hÉireann. Ar na príomhfheidhmeanna a dtugann an CRO futhú, áirítear

- ionchorprú cuideachtaí
- clárú ainmneacha gnólachtaí
- clárú doiciméadú iar-ionchorpraithe chuideachtaí
- clárú athruithe i mionsonraí ainmneacha gnólachtaí
- cur i bhfeidhm Achtanna na gCuideachtaí trí chuideachtaí nó stiúirthóirí a ionchúiseamh agus cuideachtaí a bhaint den chlár
- soláthar faisnéise faoi chuideachtaí don phobal.

Tá 120 duine ag obair ar fhoireann na hOifige faoi láthair i mBaile Átha Cliath agus 33 duine ag obair i gCeatharlach i roinnt patrúin éagsúla oibre. Tá an Oifig lonnaithe in dhá suíomh, áit amháin i mBaile Átha Cliath agus, ó dheireadh mhí Iúil 2007, áit eile i gCeatharlach. Tá an chuid eile den Oifig le dílárú go dtí Ceatharlach ag deireadh 2010.

2. RFS

Tagann an RFS faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chomh maith. Ar na príomhfheidhmeanna a dtugann an RFS futhú, áirítear clárú éifeachtúil agus éifeachtach agus rialáil ghinearálta

- na gceardchumann faoi Achtanna na gCeardchumann 1871-1990.
- na gcumann tionscail agus coigilitis faoi na Achtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis 1893-1978, agus
- na gcara-chumann faoi Achtanna na gCara-Chumann 1896-1977.

Tá seisear ball foirne sa RFS.

Forléargas ar an CRO agus an RFS

Misean agus Sainordú an CRO agus an RFS

Is é misean an CRO ardleibhéal chomhdú na dtuairisceán atá dlite a chinntiú, chomh maith le ham iompaithe tapa na faisnéise maidir leis na tuairisceáin sin agus dearbhú á thabhairt go gcomhlíonann an fhaisnéis a sholáthraimid na forálacha reachtúla ábhartha agus go léiríonn an fhaisnéis a sholáthraimid an méid a cuireadh ar fáil go beacht.

Is é misean an RFS a chinntiú go gcomhlíonann na haonáin fhrithpháirteacha éagsúla atá cláraithe ag an gClárlann, agus atá faoi réir rialáil agus maoirseacht ghinearálta ar scálaí éagsúla ag Clárlann na gCara-Chumann, a n-oibleagáidí reachtúla agus chun taifead poiblí cothrom le dáta a choimeád ar na haonáin sin.

Custaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha na nOifigí

Is iad seo a leanas príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchustaiméirí na nOifigí, ó thaobh an CRO de,

- stiúrthóirí cuideachta nó a ngníomhairí i bhfoirm cuntasóirí, aturnaetha agus gnólachtaí rúnaíochta nó gníomhairí foirmithe chuideachta a dhéanann ionadaíocht ar chuideachtaí agus a ghníomhaíonn thar a gceann maidir lena gcomhdú laistigh den Oifig seo faoi Achtanna na gCuideachtaí
- ;
- an preas agus baill eile den phobal i gcoitinne a bhfuil faisnéis faoi ghníomhaíocht CRO á lorg acu
- baill foirne i Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí poiblí agus comhlachtaí eile ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach a bhfuil cúis ag an Oifig gnó a dhéanamh leo agus a ról á chomhlíonadh.

A mhéid a bhaineann sé leis an RFS, is éard atá i gceist leis na príomhpháirtithe leasmhara agus na príomhchustaiméirí, cuntasóirí, aturnaetha, Irish Co-Operative Organization Society Ltd, an preas agus baill den phobal i gcoitinne, agus baill foirne i Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí poiblí eile.

Feidhmíonn Clárlann na gCuideachtaí mar Chlárlann na gCara-Chumann chomh maith.

Réimsí Feidhmiúla na nOifigí

Roinntear an CRO sna haonaid ghnó seo a leanas:

- Rannóg um postas, comhdú agus tuarisceáin bhliantúla, an t-aon rannóg atá lonnaithe i gCeatharlach
- Rannóg an A-Liosta/iar-ionchorpraithe
- Rannóg um ainmneacha gnó
- Rannóg um chuideachtaí seachtracha/comhpháirtíochtaí teoranta
- Rannóg um Urrúis/morgáistí
- Rannóg um Shócmhainneacht
- Rannóg um Riarachán
- Cuntar tosigh
- Oiliúint
- Rannóg Faisnéise
- Rannóg um Chomhdú Leictreonach
- Rannóg Teicneolaíocht Faisnéise
- Rannóg um Fhoilseacháin
- Rannóg an B-Liosta
- Rannóg um Chuideachtaí nua

Tá dhá rannóg i gceist leis an RFS, a phléann leis na nithe seo faoi seach

- Cumainn Tionscail agus Choigiltis
- Cara-Chumainn agus Ceardchumainn.

Measúnú ar Leibhéal na Seirbhísí ar fáil cheana féin as Gaeilge agus ar an Éileamh Reatha ar Sheirbhísí den chineál sin

Leagann an chuid seo den Scéim amach réimeas na dTeangacha Oifigúla a oibríonn na hOifigí maidir lena soláthar ginearálta seirbhísí.

Seirbhísí ar fáil as Gaeilge amháin

Ní chuirtear aon seirbhísí a sholáthraíonn na hOifigí ar fáil as Gaeilge amháin.

Tá an CRO i lár próisis chun a cairt féin chustaiméirí a fhorbairt agus cloíonn sí le cairt seirbhíse do chustaiméirí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar feitheamh chríochnú an phróisis sin. Geallann an Roinn sa Chairt Chustaiméirí, go ndéanfaidh sí a

dícheall chun éascaíocht a dhéanamh do chustaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus go sonrach

- go dtabharfar freagra as Gaeilge i gcás ina bhfaightear comhfhreagra as Gaeilge de réir alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- go bhfoilseofar doiciméid thábhachtacha Roinne ag an am céanna as Gaeilge agus i mBéarla, de réir mar a ndéantar foráil dó sin in alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá a cairt féin seirbhíse do chustaiméirí ag an RFS a bhfuil tiomantas comhchosúil mar chuid de.

Seirbhísí nach bhfuil ar fáil as Gaeilge

Ar na seirbhísí a chuireann na hOifigí ar fáil don phobal agus do daoine gairmiúla i mBéarla amháin, áirítear:

- cainteanna agus seimineáir a sholáthraíonn foireann na hOifige
- faisnéis faoi dhlí cuideachtaí, Cara-Chumainn, Cumainn Tionscail agus Choigiltis, Ceardchumainn, agus ábhair bhainteacha a foilsíodh sular achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Eisiúint litreacha meabhrúcháin chuig cuideachtaí agus /nó stiúrthóirí roimh an dáta ar a bhfuil an tuairisceán dlite, agus tar éis an dáta sin chomh maith, mura seachadtar an tuairisceán in am
- Mura n-iarrtar go sonrach ar sheirbhís as Gaeilge, is i mBéarla amháin a chuirfear cúnaimh ginearálta ar fáil do chliaint Oifige agus plé á dhéanamh le fiosrúcháin teileafóin, ríomhphoist nó i scríbhinn/clóscríofa i mBéarla amháin
- Cuirtear doiciméid ar fáil do chomhlachtaí poiblí nó lucht léitheoireachta idirnáisiúnta i mBéarla amháin, agus cuirtear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga (teangacha) ina seachadtar iad
- Tá cuid statach de láithreán gréasáin CRO ar fáil i mBéarla amháin (Tá an RFS clúdaithe faoi láithreán an CRO)
- Bullaitín dhá uair sa bhliain “Compliance Matters” (‘Cúrsaí Comhlíonta’) a eisítear ón CRO chuig na stiúrthóirí cuideachta go léir.

Seirbhísí ar fáil as Gaeilge agus i mBéarla

Is é príomhchuspóir an Achta fáil níos fearr agus ardchaighdeán seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú. Léirítear tiomantas na nOifigí sa doiciméadú ábhartha Oifige/Roinne maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar sa dá theanga agus do chustaiméirí a choimeád ar an eolas maidir leis an gceart atá acu an rogha a dhéanamh go bpléifear leo i gceachtar ceann de na Teangacha Oifigiúla.

Chuir na hOifigí a dTuarascálacha Bliantúla agus foilseacháin áirithe eile ar fáil sa dá theanga le roinnt blianta anuas. Soláthraíonn na hOifigí freagraí as Gaeilge ar

chomhfhreagras as Gaeilge de réir fhorálacha alt 9(2) den Acht, agus tá a stáiseanóireacht sa dá theanga.

Ar na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil sa dá theanga don phobal agus do dhaoine gairmiúla, áirítear:

- roinnt de na foilseacháin ghinearálta ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige, m.sh. Tuarascálacha Bliantúla an CRO do na blianta ó 2005 ar aghaidh agus don RFS ó 2004 ar aghaidh
- roinnt den fhaisnéis faoi dhlí cuideachtaí agus ábhair bhainteacha trí láithreán gréasáin na hOifige
- roinnt foilseachán cosúil leis na foirmeacha reachtúla go léir is coitianta a úsáidtear
- cúnamh ginearálta a chuirtear ar fáil do chliant na hOifige mar fhreagairt ar chomhfhreagras, ríomhphost srl., ar bhonn an-teoranta ar fad.
- Timpeallacht Clárúcháin Chuideachtaí Ar Líne (CORE), uirlis ar líne chun éascaíocht a dhéanamh do bhainistíocht cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, lena n-áirítear ríomhchomhdú foirmeacha reachtúla.
- Tá saorchead ag cuideachtaí a n-ainmneacha a chlárú as Gaeilge agus tá sé sin déanta ag roinnt de na cuideachtaí.

Éileamh ar Sheirbhísí trí Ghaeilge

Léiríonn comhairliúchán le baill foirne sa dá Oifig nach bhfuil ach éileamh íseal go dtí seo, agus faoi láthair, ar sheirbhís i nGaeilge amháin nó sa dá theanga. Ina ainneoin sin, tuigeann gach oifig go bhfuil oibleagáidí dlíthiúla orthu faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tá siad tiomanta don tseirbhís a chuireann siad ar fáil a fheabhsú agus cultúr dearfach a fhorbairt a dhéanfaidh éascaíocht dá gcustaiméirí chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus Béarla.

Oibríonn an CRO, agus an RFS chomh maith, cuntar poiblí ina hoifig i mBaile Átha Cliath amháin.

Scéim

Déanann an roinn seo cur síos achomair ar fheidhmeanna gach réimse oibre sa dá Oifig agus leagann sí amach an scála ar a gcuirtear seirbhísí ar fáil sa dá theanga oifigiúla don phobal.

CRO—Oifig Bhaile Átha Cliath

Rannóg an A-Liosta/Iar-ionchorpraithe

Is é tasc an aonaid seo seiceáil, próiseáil agus clárú a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe a léiríonn mionsonraí imeachtaí áirithe mar chuid de shaolré cuideachta, ar athruithe go príomha iad sin i mionsonraí stiúirthóra agus athruithe ar sheoladh oifige cláraithe.

Pléitear le teagmháil teileafón, duine le duine agus i scríbhinn (lena n-áirítear rphost) leis an bpobal i mBéarla amháin ach i gcás ina n-iarrtar ar sheirbhís as Gaeilge, tá oifigeach amháin sa rannóg atá réasúnta líofa sa Ghaeilge atá toilteanach cúnaimh a thabhairt nuair is gá. Léirigh triúr oifigeach eile go bhfuil siad toilteanach tabhairt faoi oiliúint ionas go mbeidh siad in ann seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil don phobal.

Tá na foirmeacha reachtúla is minice a úsáidtear ar a gcuirtear faisnéis ar fáil don rannóg seo ar fáil don phobal i leaganacha Béarla agus Gaeilge, i bhfoirm chóip chrua nó in-íoslódáilte.

Forfheidhmiú

Tugann an rannóg um fhorfheidhmiú faoi roinnt gníomhaíochtaí éagsúla forfheidhmiúcháin i gcoinne cuideachtaí agus/nó stiúirthóirí i ndáil le mainneachtain na gcuideachtaí chun comhdú reachtúil a chomhlíonadh ar an modh a fhorordaíonn an dlí. Is éard atá i gceist leis na gníomhartha sin, ionchúiseamh cuideachtaí/stiúirthóirí sa chúirt dúiche, cuideachtaí a bhaint de chlár na gcuideachtaí agus caingne ardchúirte a thionscnamh i gcoinne cuideachtaí agus stiúirthóirí faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

Déantar gach comhfhreagras, i scríbhinn nó go leictreonach, chomh maith leis na teagmhálacha go léir duine le duine leis an bpobal trí Bhéarla, cibé an teagmháil i bpearsan nó ar an teileafón atá i gceist.

Sa chás annamh ina n-iarrtar ar sheirbhís as Gaeilge, lorgaíonn an rannóg cúnaimh ó bhall foirne in A-Liosta atá líofa sa Ghaeilge.

Ainmneacha Gnó

Faigheann an rannóg seo iarratais ar ainmneacha gnólachta nó trádála agus déanann sí seiceáil, próiseáil agus clárú orthu. Maidir le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge, is ionann an staid agus staid na rannóige um Fhorfheidhmiú, ach tá foirmeacha reachtúla a úsáideann an rannóg seo ar fáil sa dá theanga.

Riarachán

Tá an rannóg seo freagrach as cothabháil an fhoirgnimh ina bhfuil an CRO agus an RFS lonnaithe i mBaile Átha Cliath, soláthar ábhar riachtanach, cosúil le stáiseanóireacht, pinn agus soláthairtí bainteacha, ábhair sláinte agus sábháilteacha, comhordú

saincheisteanna a bhaineann le níos mó ná rannóg amháin laistigh den Oifig agus cumadh buiséad don dá Oifig agus monatóireacht ar chaiteachas futhú sin. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um Fhorfheidhmiú.

Cuntar tosaigh/oifig phoiblí

Is é seo oifig phoiblí an CRO (tá a limistéar fáiltithe an-bheag féin ag an RFS) áit ina bhfaightear doiciméad ar dtús, ina ndéanann daoine a bhuaileann isteach chuig an Oifig go pearsanta iarratas ar chóip de doiciméid éagsúla chuideachta agus ina bhfaigheann siad iad, lena n-áirítear deimhnithe dúblacha ionchorpraithe, nó inar féidir leo úsáid a bhaint as an tsaoráid chuardaigh ar líne. Is í seo an áit ina ndéantar an teagmháil is pearsanta idir na hOifigí agus an pobal. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um Fhorfheidhmiú, ach tá toilteanas léirithe ag beirt bhall foirne sa réimse seo chun tabhairt faoi oiliúint ionas go mbeidh siad in ann seirbhís a sheachadadh trí Ghaeilge.

Rannóga um chuideachtaí seachtracha, morgáistí agus sócmhainneacht

Oibríonn na trí rannóg seo faoi mhaoirseoir amháin agus pléann siad, faoi seach, le próiseáil agus clárú doiciméad reachtúil a bhaineann le brainsí Éireannacha cuideachtaí atá cláraithe go heachtrannach; clárú na muirear a ghearrtar i gcoinne cuideachtaí cláraithe in Éirinn agus glanadh na muirear sin; agus próiseáil agus clárú na ndoiciméad reachtúil a bhaineann le leachtú cuideachtaí chomh maith le doiciméad a bhaineann le srianadh/dícháiliú stiúthóirí cuideachta. Tá roinnt de na foirmeacha reachtúla infheidhmithe ar fáil sa dá theanga.

Aonad Faisnéise

Pléann an t-aonad seo le fiosrúcháin ghinearálta teileafóin agus rphoist a thagann chuig an Oifig. I gcás ina n-éilíonn fiosrúcháin freagraí níos mionsonraithe ná mar is féidir leis an aonad seo a sholáthar, déantar iad a tharchur chuig an rannóg áirithe lena mbaineann. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um Fhorfheidhmiú.

Aonad Oiliúna

Cuireann an t-aonad seo oiliúint inmheánach ar fáil do bhaill foirne an CRO. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um Fhorfheidhmiú.

Aonad um Ríomhchomhdú

Pléann an t-aonad seo le gach ábhar a bhaineann le comhdú leictreonach doiciméad éagsúil reachtúil agus go háirithe, tuairisceáin bhliantúla do chuideachtaí. Déantar an chuid is mó den phlé a dhéanann sé le láithreoirí/gníomhairí. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú ach tá se léirithe ag ball

foirne amháin go bhfuil sí toilteanach oiliúint a dhéanamh ionas go mbeidh ar a cumas seirbhís a chur ar fáil as Gaeilge.

Aonad TF

Pléann an t-aonad seo le gach ábhar a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise, lena n-áirítear bunachar sonraí ríomhairithe cuideachtaí a chuimsíonn “cláir” na n-ainmneacha cuideachtaí agus gnólachta. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú.

Rannóg um fhoilseacháin

Pléann an rannóg seo leis na feidhmeanna fógraíochta/poiblíochta/margaíochta go léir do na hoifigí sna meáin chumarsáide ar fad, lena n-áirítear nuachtáin, irisí, raidió agus teilifís. Beidh laghdú mór ar an ngníomhaíocht a dhéantar faoi na ceanteidil sin mar thoradh ar ghearradh siar buiséid atá déanta le déanaí. Eisíonn an rannóg bullaitíní rphoist rialta maidir le gnéithe éagsúla den CRO/ceanglais dlí cuideachtaí (“r-irisí”) chuig custaiméirí a chláraigh leis an Oifig chun na críche sin, agus eisíonn sí chomh maith bullaitín dhá uair sa bhliain den teideal “Corporate Compliance Matters” (“Cúrsaí Comhlíonta Chorporáide”) chuig gach stiúrthóir cuideachta in Éirinn. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú.

Rannóga um Chuideachtaí Nua/Athrú Ainm

Pléann na rannoga seo le gach ábhar roimh ionchorprú cuideachtaí agus i ndiaidh ionchorprú cuideachtaí, lena n-áirítear ainmneacha cuideachta agus athruithe orthu sin. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú ach léirigh triúr ball foirne go bhfuil siad toilteanach oiliúint a dhéanamh ionas go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar as Gaeilge.

Rannóg B-Liosta

Pléann an roinn seo le gach ábhar a bhaineann le struchtúr scairsheilbhe na gcuideachtaí. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú ach tá sé léirithe ag ball foirne amháin go bhfuil siad toilteanach tabhairt faoi oiliúint ionas go mbeidh siad in ann seirbhís a chur ar fár trí Ghaeilge.

CRO—Oifig Cheatharlach

Cuireann Oifig Cheatharlach an CRO cóiríocht ar fáil don rannóg a fhaigheann tuairisceáin bhliantúla ó na cuideachtaí go léir Éireannacha agus a dhéanann próiseáil agus clárú orthu agus a fhaigheann doiciméid chuideachta reachtúla áirithe eile thar ceann Oifig Bhaile Átha Cliath a gcuirtear ar aghaidh go dtí Baile Átha Cliath iad ansin. Cé gurb ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú, tá sé léirithe ag ceathrar ball foirne go bhfuil siad toilteanach tabhairt faoi oiliúint ionas go mbeidh siad in ann seirbhís a chur ar fár trí Ghaeilge.

RFS—Baile Átha Cliath

Is oifig bheag í an RFS a bhfuil seisear ball foirne ag obair inti, lena n-áirítear Príomhoifigeach Cúnta a bhfuil roinnt feidhmeanna acu chomh maith sa CRO. Is ionann an staid maidir le húsáid na Gaeilge agus staid na rannóige um fhorfheidhmiú.

An CRO agus an RFS—Seirbhísí Dátheangacha

Déanann na rannóga go léir sa CRO agus RFS a bheag nó a mhór cuid dá ngnó leis an bpobal trí fhoirmeacha forordaithe a úsáid, ar féidir an chuid is mó acu a íoslódáil ón idirlíon agus ar féidir an-chuid acu a chomhdú go leictreonach. Tá 36 nó 26% den 140 foirm atá in úsáid faoi láthair ag an CRO, ar fáil sa dá theanga. Is annamh a úsáidtear an chuid is mó de na foirmeacha sin áfach, agus nuair a fheictear ar na deich bhfoirm is coitianta a úsáidtear i gcomhdú leis an CRO, tá gach ceann de na 10 bhfoirm sin ar fáil sa dá theanga. Níl aon cheann den 24 foirm a úsáideann an RFS ar fáil sa dá theanga.

Mar atá léirithe cheana, tá fáil sa dá theanga ar roinnt gnéithe idirghníomhacha de láithreán gréasáin an CRO/RFS (.i. roinnt de na foirmeacha reachtúla a úsáidtear chun faisnéis a chur in iúl don CRO agus RFS agus CORE nó Timpeallacht Clárúcháin Chuideachtaí Ar Líne (**C**ompanies **O**nline **R**egistration **E**nvironment), a ligeann do chustaiméirí CRO féachaint ar fhaisnéis faoi chuideachtaí a ndéanann siad comhdú ina leith i dtimpeallacht iontaofa phríobháideach.

Cé gur i mBéarla a dhéantar an chuid is mó den teagmháil phearsanta duine le duine agus teagmháil rphoist/í scríbhinn, idir an CRO agus an RFS agus an pobal, cuirtear seirbhís trí Ghaeilge ar fáil má iarrtar agus nuair a iarrtar ar cheachtar Oifig é sin a dhéanamh.

Tá seoltaí oifige agus mionsonraí teagmhála eile ar chinn litreach an CRO agus an RFS sa dá theanga.

Feabhsú na Seirbhísí le Soláthar sa Dá Theanga

Réamhtra

In ainneoin ardleibhéal na hidirghníomhaíochta idir an CRO agus an RFS agus an pobal, tá an t-éileamh ar sholáthar seirbhíse trí Ghaeilge fíoríseal. Léirítear é seo ó thaithí gach baille foirne sna hOifigí agus tacaítear leis an dearcadh sin le heaspa freagartha ó dhaoine aonair den phobal ar an bhfógra. Ina ainneoin sin, glacann na hOifigí nach mór dóibh a n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus tá siad tiomanta do chaighdeán níos airde soláthar seirbhíse trí Ghaeilge ná caighdeán na seirbhíse faoi

láthair, a chur ar fáil thar thréimhse ama agus i bhfianaise na staide reatha srianbhuiséid, a bhfuil baint aici sin le hacmhainní.

Tá dhá mhórghné a chuireann bac ar chumas na nOifigí an cuspóir sin a bhaint amach.

Is é an chéad ceann acu sin, dílárú na nOifigí go dtí Ceatharlach. Tá cuid den CRO díláráithe cheana féin ó dheireadh mhí Iúil 2007. Dearbhaíodh dílárú an chuid eile den CRO chomh maith leis an RFS le linn fhógraí na Cáinainéise le déanaí, agus cuirfear i bhfeidhm é sin faoi dheireadh 2010. Cuirfear baill foirne gan aon eolas ná taithí ar na réimsí gnó fheidhmiúil in ionad an chuid is mó de na daoine atá ag obair ar fhoireann na nOifigí i mBaile Átha Cliath, agus beidh gá le dianoilúint a chur orthu ar feadh tamall maith. Ní bheidh aon dul as ach tosaíocht tosaigh a thabhairt do bhaill foirne ar nósanna imeachta agus oibleagáidí laethúla na nOifigí i mBéarla. Ní féidir acmhainn na nOifigí a leathnú amach níos mó chun seirbhís a sholáthar as Gaeilge go dtí go bhfuil na hOifigí athlonnaithe agus an fhoireann nua socraithe go daingean iontu le tamall anuas.

Is é an dara gné an t-ionchas faoi láthair maidir leis an staid bhuiséid. Tá gearradh siar an-mhór déanta ar bhuiséad CRO/RFS don bhliain 2009 agus laghdóidh an gearradh siar sin cumas na nOifigí chun seirbhís fheabhsaithe as Gaeilge a sholáthar don phobal a mhéid a imríonn siad tionchar ar leibhéal na mball foirne ar féidir leis na hOifigí a úsáid, an méid oiliúna ar féidir a thabhairt faoi go himmheánach nó go seachtrach agus méid mór an aistriúcháin ar an téacs ábhartha ar an láithreán gréasáin agus sna meáin chumarsáide eile a bheidh riachtanach.

Is iad seo a leanas feabhsuithe molta na seirbhísí le soláthar sa dá theanga i rith na chéad Scéime.

Mír	Míonna tar éis Thús na Scéime
<p>Láithreán gréasáin CRO/RFS</p> <p>Tá méid mór téacs ar an láithreán gréasáin, idir statach agus idirghníomhach. Tá an chuid is tábhachtaí de na gnéithe idirghníomhacha ar fáil sa dá theanga. Faoi dheireadh na chéad scéime,</p> <ul style="list-style-type: none"> • beidh 100 % de ghnéithe statacha an láithreáin ghréasáin ar fáil sa dá theanga • beidh 100 % de na gnéithe reatha idirghníomhacha ar an láithreán gréasáin ar fáil sa dá theanga • tabharfar isteach aon chóras nua idirghníomhach ar líne i rith na scéime go dátheangach ag an am céanna • beidh lánchumas i seirbhísí nua ríomhaireachta an CRO/RFS chun an Ghaeilge a láimhseáil agus déanfar na córais reatha comhoiriúnach, i gcás ina bhfuil gá leis, mar chuid den chéad obair eile oiriúnach bheartaithe chothabhála/uasghrádaithe. 	<p>36 mí</p>
<p>Teagmháil leis an bPobal</p> <p>Beidh an tAonad Faisnéise in ann ainmneacha na nOifigí a thabhairt as Gaeilge do ghlaiteoirí, beidh eolas ag na baill foirne sin ar bheannachtaí bunúsacha as Gaeilge agus beidh siad in ann baill den phobal a chur i dteagmháil leis an oifigeach/oifighigh atá freagrach, nuair a bhíonn fáil orthu, as an tseirbhís a éilítear a sholáthar trí Ghaeilge</p> <p>Bíonn gá leis na bullaitíní leictreonacha (E-zine/R-iris) a eisítear ag eatraimh rialta chuig custaiméirí an CRO/RFS a chláraigh chun na críche sin, a eisiúint go minic gan mórán réamhfhógra, no gan aon réamhfhógra, agus ag féachaint don ghá le bheith tapa sna cásanna sin, ní féidir iad go léir a eisiúint trí Ghaeilge. I gcás ina mbíonn am ann iad a aistriú chun iad a eisiúint sa dá theanga, déanfar é sin. Tá tiomantas déanta ag CRO/RFS do 70% de na r-irisí a eisiúint sa dá theanga gach aon bhliain.</p> <p>Déanfar cóip chrua den bhullaitín “Corporate Compliance Matters” (“Cúrsaí Comhlíonta Chorparáide”), a eisítear dhá uair sa bhliain chuig gach stiúrthóir ar chuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, a</p>	<p>3 mhí</p> <p>Tús na scéime</p> <p>Tús na scéime</p>
<p>Déanfar cóip chrua den bhullaitín “Corporate Compliance Matters” (“Cúrsaí Comhlíonta Chorparáide”), a eisítear dhá uair sa bhliain chuig gach stiúrthóir ar chuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, a</p>	<p>36 mí</p>

<p>Faisnéis Fhoilsithe Foilítear roinnt foilseachán ón CRO/RFS, cosúil le tuarascálacha bliantúla, ar an láithreán gréasáin sa dá theanga. Cuirfear na Fógraí Faisnéise atá ar fáil faoi láthair ar láithreán gréasáin an CRO i mBéarla ar fáil as Gaeilge chomh maith mar chuid den aistriúchán ar ábhar statach go léir an CRO/RFS ar an láithreán gréasáin go Gaeilge. Beidh na fógraí go léir ar fáil as Gaeilge faoi dheireadh na chéad scéime.</p>	<p>36 mí</p>
<p>Oiliúint agus Forbairt Seachas na 14 ball foirne a léirigh go bhfuil siad toilteanach oiliúint a dhéanamh maidir le seirbhís as Gaeilge a sholáthar don phobal, spreagfar do bhaill foirne dul chun cinn a dhéanamh ar a leibhéil reatha scileanna agus déanfar éascaíocht d'oiliúint agus é mar chuspóir go mbeidh 20% den fhoireann réasúnta líofa sa Ghaeilge.</p>	<p>Tús na Scéime</p>
<p>Ionchúiseamh/Forfheidmiú I gcás ina bhfuil gá le seirbhís trí Ghaeilge, cinnteoidh an CRO/RFS go mbíonn abhcóidí le Gaeilge ar fáil chun an caingean a ionchúiseamh.</p>	<p>Tús na Scéime</p>

Monatóireacht ar an Scéim

Déanfaidh rannóg riaracháin CRO athbhreithniú go leanúnach ar oibriú na scéime. Déanfaidh cinn rannóige (leibhéal Ardoifigeach Feidhmiúcháin) an mhonatóireacht laethúil, a mbeidh siad freagrach as cur i bhfeidhm na scéime ina réimsí féin agus rachaidh siad i mbun idirchaidrimh leis an rannóg riaracháin faoi aon shaincheisteanna a thagann chun cinn.

Déanfaidh an rannóg riaracháin tuairiscíú don lucht bainistíochta sinsearach gach sé mhí maidir le hoibriú na scéime. Clúdóidh an tuarascáil dul chun cinn faoin scéim, measúnú ar an éileamh ar sheirbhísí dátheangacha agus Éireannacha agus aithint aon fhadhbanna a thagann chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na scéime.

Déanfar scéimeanna ina dhiaidh seo a mhionchóiriú agus a fheabhsú i bhfianaise na taitní a fhaightear faoin gcéad scéim.

Foilsiú na Scéime

Foilseofar ábhair na scéime ar láithreán gréasáin an CRO/RFS agus fógrófar sna meáin chumarsáide náisiúnta go bhfuil sé i bhfeidhm agus go bhfuil se foilsithe.

Scaipfead an scéim chuig na comhlachtaí cuí agus chucu sin a rinne aighneachtaí ag ceim chomhairliúcháin dhréachtú na scéime seo. Cuirfead cóip freisin chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.